Coláiste | Aonad Bainistíochta	Gnóthaí Acadúla UCD
Scoil | Aonad	Rochtain agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil UCD
Teideal an Phoist & Limistéar Ábhair *(más ábhartha)*	Oifigeach Tionscadail agus Sonraí
Tréimhse an Phoist	3 bliana (Painéal Sealadach & Buan 12 mhí)
Grád	Oifigeach Riaracháin 2
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme	Oibríochtaí agus Bainistíocht Acadúil agus Clár - Leibhéal Gairme 3
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist	2024-09-037
Bainisteoir Líne	Stiúrthóir um Rochtain agus um Fhoghlaim ar feadh an tSaoil nó a (h)ainmní
Uimhir Thagartha an Chomórtais.	018147
Riarthóir Acmhainní Daonna	Nicole Johnston

Achoimre ar an bPost:

Is é ról Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil (ALL) UCD ná tacaíocht a thabhairt don Ollscoil a bheith ina pobal scolártha éagsúil agus ionchuimsitheach. Freagrach don Stiúrthóir nó dá (h)ainmní, beidh an tOifigeach Tionscadail agus Sonraí na hOllscoile do Chách (UFA) mar bhall lárnach den fhoireann ALL team i Rochtain agus Foghlaim ar Feadh an tsaoil UCD. Cuirfidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi leis an Ollscoil agus le tiomantas earnála an Ardoideachais do rannpháirtíocht a leathnú agus rochtain do gach mac léinn a fheabhsú, ag cothú timpeallacht chuimsitheach a bhfuil an éagsúlacht agus an comhionannas lárnach inti.

Beidh ról lárnach ag an Oifigeach Tionscadail agus Sonraí na UFA i dtacú leis an mbailiú agus anailís sonraí a dhéantar mar chuid de thionscadail na hOllscoile do Chách agus i dtacú le Coiste um Leathnú Rannpháirtíochta na hOllscoile. Beidh taithí ag an iarrthóir a cheapfar ar oibriú ar anailís sonraí agus go hidéalach maidir le tionscadail a bhaineann leis an gcuimsiú laistigh de chomhthéacs an ardoideachais nó an bhreisoideachais.

Tacóidh an sealbhóir poist le roinnt tionscadal na hOllscoile do Chách agus le tograí bainteacha lena n-áirítear ceardlanna agus tionscadail chur chun feidhme na hOllscoile do Chách; an tSraith Straitéisí d'Institiúidí Ardoideachais Ionchuimsitheacha a scaipeadh; Cláir Chomhpháirtíochta na hOllscoile do Chách; an Coiste um Leathnú Rannpháirtíochta; na Gradaim John Kelly as Dearadh Uilíoch a chomhordú; tacú le scaipeadh na Suaitheantas Digiteach Dearaidh Uilíoch agus le cumarsáid, agus cláir forbartha ghairmiúla Dearaidh Uilíoch a chomhordú agus tacú leo.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Leas a bhaint go hinmheánach as acmhainní agus saineolas atá ann cheana i Rochtain agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil, UCD agus san earnáil.

- Anailís thosaigh a dhéanamh chun cáilíocht na sonraí a mheasúnú de réir mar is cuí; Sonraí a léirmhíniú agus a anailísiú e.g., suirbhéanna, aiseolas etc. Tuarascálacha ar thorthaí a tháirgeadh, treochtaí agus patrúin a aimsiú sna sonraí trí ghraif agus léirshamhluithe de na sonraí a ghiniúint.

- Suirbhéanna mac léinn a chomhordú, a chur in iúl agus a thabhairt amach fud na hOllscoile.
- Soláthar sonraí den cháilíocht is airde a chinntiú trí anailís agus léiriú tréan na dtorthaí lena gcomhlíonfar na riachtanais agus ionchais pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha agus cabhrú le tuarascálacha agus tuairisceáin chuig an HEA agus comhlachtaí eile de réir mar is gá. Oibriú i gcomhar le comhghleacaithe i réimsí amhail Taighde Institiúideach, An Chlárlann, Scoileanna, Coláistí agus aonaid eile.
- Oibriú le seirbhísí TF agus Clárlann UCD chun na cumais shuirbhéireachta agus thuairisceoireachta a fheabhsú go leanúnach chun bailiú sonraí, comhtháthú agus seachadadh torthaí do gach úsáideoir sonraí a fheabhsú.
- Na Gradaim John Kelly as Dearadh Uilíoch le haghaidh Foghlaim a chomhordú i gcomhar le páirtithe earnála.
- Ceardlanna agus imeachtaí a phleanáil agus a chomhordú, ag bainistiú gach gné oibríochtúil, lóistíochtúil agus chumarsáide.
- Ábhair chumarsáide agus faisnéis maidir le tionscadail a fhorbairt agus a scaipeadh chun tionscadail a chur chun cinn agus a chur os comhair lucht spéise inmheánach agus seachtrach.
- An fhorbairt fhoilseachán a bhainistiú – na meáin chló, dhigiteacha agus suíomhanna gréasáin, lena n-áirítear eagrúchán, comhordú agus dearthóirí agus soláthraithe seachtracha eile a choimisiúnú.
- Tacaíocht riaracháin agus oibríochtúil a sholáthar do ghrúpaí stiúrtha, do choistí agus do ghrúpaí eile de réir mar is gá. Dréachtú cláir oibre, miontuairisciú, cruthú cáipéisí agus cur i láthair a chur san áireamh.
- Cur le clár oibre Rochtana agus Foghlama ar Feadh an tSaoil chun tacú leis an sprioc straitéiseach de bheith ina pobal scolártha éagsúil agus ionchuimsitheach.
- Tabhairt faoi dhualgais eile de réir mar a ordóidh an Stiúrthóir, Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD nó a n-ainmní.

Sainiúil don phost seo:

Tuarastal: €49,974 - €63,876 in aghaidh na bliana

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear uathu siúd a mbaineann aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe leo. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

Critéir Roghnúcháin

Tá Creatlach Chnuasaigh Phoist ag UCD agus tá an ról seo mar chuid den Chnuasach Poist Bainistíocht agus Oibríochtaí Clár agus Acadúla agus tagann sé le Leibhéal Gairme 3. Tá tuilleadh sonraí ar na hinniúlachtaí feidhmiúla agus lárnacha atá leagtha amach sa Chreat um Chnuasaigh Post ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/

Éigeantach:

Taithí agus Cáilíochtaí

- 3-4 bliana de thaithí ghairmiúil ag obair in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal agus/nó céim tríú leibhéal.
- Saineolas agus taithí ar anailís sonraí.
- Taithí oibre ar thionscadail mhórscála a bhainistiú agus a mheasúnú.
- Leibhéal ard cruthaíochta, nuálaíochta, inspreagtha agus réamhghníomhaíochta.

Inniúlachtaí Feidhmiúla

- **Anailís Ghnó (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas suntasach riachtanais úsáideora a iompú ina réitigh agus próisis a thaifeadadh.

- **Bainistíocht Sonraí (Leibhéal Oilteachta 2):** Eolas láidir ar bhainistiú sonraí dea-chleachtais.

- **Athléimneacht Oibríochtúil (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas substaintiúil chun seasmhacht agus feidhmíocht a choinneáil i dtascanna laethúla agus gníomhú go héifeachtach agus iad faoi bhrú.

- **Tacaíocht, Treoir agus Comhairle (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas láidir tacaíocht agus treoir a sholáthar do scoláirí, don fhoireann teagaisc agus do bhaill fhoirne, agus cur amach agus inniúlacht a fhorbairt i ndáil le seirbhísí tacaíochta eile agus cathain is ceart dul i ngleic leo.

- **Grinneas Teicniúil (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas suntasach eolas teicniúil, scileanna agus breithiúnas a chur i bhfeidhm chun torthaí a bhaint amach. Inniúlacht a fhorbairt maidir le bealaí a aithint chun seirbhís a fhorbairt agus a fheabhsú ó thaobh an chustaiméara de

Príomhinniúlachtaí

- **Caidreamh a Fhorbairt (Leibhéal Oilteachta 2):** Cruthúnas ar chumas caidrimh ghairmiúla thairbheacha a fhorbairt go hinmheánach agus go seachtrach.

- **Athrú a Bhainistiú (Leibhéal Inniúlachta 2):** Cumas cur chuige dearfach a ghlacadh i leith aghaidh a thabhairt ar an obair agus ar an athrú. Fianaise shuntasach ar nuálaíocht, ar fheabhsuithe a dhéanamh agus ar fhadhbanna a réiteach.

- **Daoine a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 1):** Scileanna Maithe Bainistíochta Daoine.

- **Cumarsáid Éifeachtach (Leibhéal Oilteachta 3):** An cumas dul i mbun cumarsáide scríofa agus labhartha atá soiléir, gan débhrí, trédhearcach agus comhsheasmhach le Luachanna UCD, in ann eolas agus smaointe a chur i láthair agus a roinnt le daoine eile, éisteacht go cúramach, tuiscint a shoiléiriú agus dearcthaí éagsúla a mheas. Sárscileanna taighde, scríbhneoireachta agus scríofa tuarascálacha, tionchair agus caibidlíochta.

- **Tionscnaíocht a Ghlacadh (Leibhéal Oilteachta 3):** Cumas chun moltaí a dhéanamh maidir le feabhsuithe ina réimse oibre féin agus gníomhú go luath chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna agus iad a fhuascailt agus réitigh a aimsiú.

- **Bainistíocht Tionscadail (Leibhéal Oilteachta 1)**: Scileanna bainistíochta tionscadail agus taithí ar thionscadail mhórscála a eagrú agus a chur chun feidhme.

- **Pleanáil agus Eagrúchán (Leibhéal Oilteachta 3):** Sárscileanna eagrúcháin leis an gcumas oibriú faoi bhrú agus de réir spriocdhátaí a thagann salach ar a chéile.

- **Fócas agus Nuálaíocht Seirbhíse (Leibhéal Inniúlachta 3):** Sárthuiscint ar an gcastacht chultúrtha agus struchtúrtha institiúidí acadúla.

- **Feasacht Eagraíochta (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas tuiscint a léiriú ar UCD ina iomláine, lena n-áirítear struchtúir rialachais agus rialacháin. Mioneolas agus tuiscint ar chomhionannas, ar phríomhshruthú, agus ar chur chuige ionchuimsitheach i leith dearadh san ardoideachas.

Critéir Éigeantacha mar chuid de Chlár Oibre Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe UCD

- Caithfidh iarrthóirí feasacht ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a léiriú.

Inmhianaithe:

- Taithí agus saineolas ar an Dearadh Uilíoch agus/nó ar an gCuimsiú.
- Cáilíocht Mháistreachta.
- Taithí ar an mbainistiú imeachta ar mhórscála agus/nó ar chaidreamh poiblí.

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí	https://strategy.ucd.ie/
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/